

## Je Mo Peil: Réamhobair

**A** Seo pictiúr ón gclár Je Mo Peil. Freagair na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.



- Cá bhfuil Peter agus Lochrann?
- Cén t-imeacht mór atá ar siúl?
- Inis do do pháirtí cá raibh tú an samhradh seo caite.

**B** Déan cur síos gairid ar an gcultúr a bhaineann le péire ar bith de na topaicí thíos.

teanga	creideamh	gnásanna sóisialta
na healaíona	ceol	imeachtaí spóirt
	faisean	

**C** Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

cultúr na ndaoine	tradition
páirt a ghlacadh	unusual
éispéireas cultúrtha	popular culture
neamhchoitianta	celebrity
imeachtaí móréilimh	popular events
traidisiún	a follower
ceiliúrán	to take part
duine de lucht leanúna	fans
móidíní	challenging
sluaite / scaiftí	celebrity
dúshlánach	crowds

*Je Mo Peil: Réamhobair (ar lean)***D** Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid C thuas.

1. D'éirigh thar barr le foireann na hÉireann i gCraobhchomórtas Sacair na hEorpa – go háirithe agus iad i ngrúpa \_\_\_\_\_.
2. Níor éirigh liom freastal ar an gcluiche ceannais idir Baile Átha Cliath agus Maigh Eo – tá sé an-deacair ticéid a fháil d' \_\_\_\_\_ mar sin.
3. Is breá liom na spóirt \_\_\_\_\_ a bhíonn ar siúl le linn na gCluichí Oilimpeacha.
4. Tá \_\_\_\_\_ sa tír seo ceangailte go dlúth leis na cluichí Gaelacha.
5. Is féidir bualadh le daoine nua trí \_\_\_\_\_ in imeachtaí difriúla.
6. Cé nár bhuaigh siad, bhí na \_\_\_\_\_ amuigh ar na sráideanna ag léiriú a gcuid tacaíochta don fhoireann.
7. Is \_\_\_\_\_ de chuid fhoireann sacair Learphoill gach duine i mo theaghlachsa ach is \_\_\_\_\_ Chathair Mhanchain mise.
8. D'éirigh thar barr le foireann na hÉireann i gCraobhchomórtas Sacair na hEorpa – go háirithe agus iad i ngrúpa \_\_\_\_\_.
9. Níor éirigh liom freastal ar an gcluiche ceannais idir Baile Átha Cliath agus Maigh Eo – tá sé an-deacair ticéid a fháil d' \_\_\_\_\_ mar sin.
10. Is breá liom na spóirt \_\_\_\_\_ a bhíonn ar siúl le linn na gCluichí Oilimpeacha.
11. Tá \_\_\_\_\_ sa tír seo ceangailte go dlúth leis na cluichí Gaelacha.


*Je Mo Peil: Mír a hAon*
**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

**1. Cé na haidiachtaí thíos a d'úsáid Pól le cur síos a dhéanamh ar Samuel Beckett? (dhá rud)**

- Modhúil
- Príobháideach
- Postúil
- Súgrach
- Mórálta

**2. Cén ceangal a bhí ag Suzanne Dechevaux-Dumesnil le Beckett?**

- A chomhscríbhneoir
- A bhean chéile
- A iníon
- A pháirtnéir gnó

**3. Cén fhad a bhí Samuel Beckett pósta?**

- Ar feadh deich mbliana
- Ar feadh scór bliain
- Ar feadh cúig bliana is tríocha
- Ar feadh caoga bliain

**4. Cén bhliain ar bhog Beckett go Páras?**

- 1927
- 1937
- 1947

**B** Plé ranga: tionchar cultúrtha na litríochta.

Luaigh Pól ceathrar de na mórphearsaí cultúrtha i saol na litríochta sa mhír, i.e. Godard, Beckett, Ionescu agus Satre. An bhfuil tionchar ag an litríocht ardchultúir lena mbaineann na scríbhneoirí seo ar an tsochaí sa lá atá inniu ann, dar leat? Cén fáth?

---

**C** Plé ranga: tionchar cultúrtha an spóirt.

Is minic a deirtear go bhfuil tionchar nach beag cultúrtha ag sacar, ach go háirithe. An aontaíonn tusa leis an ráiteas sin? Cén fáth?

---

Le do ghrúpa, déan plé ar a bhfuil i gceist le cultúr an tsacair agus liostaigh na tréithe díúltacha agus dearfacha a shamhlaítear leis.

---

**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Cathain a bunaíodh College des Irlandais i bPáras?**

- Sa chúigiú haois déag
- Sa séú haois déag
- Sa seachtú haois déag

**2. Cén fhad atá club do na spóirt Ghaelacha i bPáras ar an bhfód?**

- Deich mbliana
- Cúig bliana déag
- Fiche bliain
- Cúig bliana is fiche

**3. Imríonn na Francaigh peil Ghaelach ar bhealach difriúil. Cé acu de na pointí thíos a luaitear? (Níos mó ná ceann amháin)**

- Imríonn siad cluichí measctha idir fir agus mná
- Níl an pháirc chomh mór céanna
- Imrítear na cluichí Gaelacha le haon duine dhéag an taobh
- Cuirtear an-bhéim ar theaicticí
- Imríonn siad in aghaidh na foirne a bhuann na coirn Ghaelacha in Éirinn gach bliain

**4. Cé mhéad club Lúthchleas Gael atá taobh amuigh d'Éireann?**

- Scór club
- Leathchéad chlub
- Aon chúigiú den iomlán

**B** Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An imríonn tú cluichí Gaelacha?
- Déan cur síos ar na príomhdhifríocháí idir na cluichí Gaelacha agus spóirt eile a imríonn tú.
- An cuid lárnach de chultúr na hÉireann iad na cluichí Gaelacha, dar leat? Cén fáth?



## Je Mo Peil: Mír a Trí

**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1.** Cén fáth ar cheap Peter go raibh an t-ádh leis?

- Bhí an cluiche uafásach
- Bhí radharc maith aige ar na scáileáin

**2.** Cé a bhí ag imirt in aghaidh Éireann?

- An Bheilg
- An tSualainn
- An Fhrainc

**B** Meaitseáil na nathanna cainte ón mír leis na leaganacha ar dheis.

tá an t-ádh orm

tá misneach aige

níor thit mé i mo chodladh

tá an t-atmaisféar dochreidte

bhí muid gar

*níor chodail mé néal**tá an chraic thar na bearta**tá rith an ráis liom**níl croí circe aige**bhí an bua ionann is againn*